Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6156/22**

**EF 45**
**ECOFIN 110**
**DELACT 22**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 722 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 10.2.2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an gceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh institiúidí creidmheasa |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 722 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 722 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.2.2022
C(2022) 722 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.2.2022**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an gceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh institiúidí creidmheasa**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

### 1.1. Cúlra na leasuithe ar an Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta (LCR)

Le Treoir (AE) 2019/2162[1] (an Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach nó 'CBD'), a foilsíodh an 27 Samhain 2019, bunaíodh creat comhchoiteann le haghaidh bannaí faoi chumhdach a eisítear san Aontas. I measc na mionoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach, bunaítear roinnt ceanglas leachtachta a bhaineann go sonrach le bannaí faoi chumhdach agus is gá iad a chur ag idirghníomhú leis na ceanglais leachtachta atá ann cheana, ar ceanglais iad a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013[2] (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil nó 'CRR') agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61[3] ón gCoimisiún (an Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta nó 'LCR').

Tá an Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta infheidhme maidir leis na hinstitiúidí creidmheasa uile, lena n-áirítear iad siúd a eisíonn bannaí faoi chumhdach. Tá na hinstitiúidí creidmheasa sin faoi réir an cheanglais maidir le cumhdach leachtachta ('LCR') is infheidhme ar feadh tréimhse 30 lá féilire. I gcomhréir leis an gceanglas maidir le cumhdach leachtachta, ní mór d'eisitheoir bannaí faoi chumhdach a áirithiú go bhfuil sócmhainní leachtacha leordhóthanacha aige chun na glan-eis-sreafaí leachtachta a chumhdach, lena n-áirítear iad sin a eascraíonn as an gclár bannaí faoi chumhdach.

An tráth céanna, leis an Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach, ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa a eisíonn bannaí faoi chumhdach maolán leachtachta ('maolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh') a choinneáil ar bun i gcónaí, ar maolán é ina mbeadh sócmhainní leachtacha ar fáil chun glan-eis-sreafaí leachtachta a gclár bannaí faoi chumhdach a chumhdach ar feadh tréimhse 180 lá.

Tá sócmhainní sa mhaolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh a bunaíodh leis an Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach a chomhlíonann na ceanglais uile seachas ceann amháin chun go n-aithneofaí iad mar shócmhainní leachtacha faoin Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta: tá na sócmhainní sa mhaolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh faoi réir an cheanglais maidir le leithscaradh faoi Airteagal 12 den Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach.Ó thaobh dlí de, tá na sócmhainní leithscartha sin thar acmhainn na gcreidiúnaithe cé is moite d'infheisteoirí i mbannaí faoi chumhdach. Is príomhghné den Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach é an ceanglas maidir le leithscaradh a chur i bhfeidhm chun ardleibhéal cosanta a áirithiú le haghaidh infheisteoirí i mbannaí faoi chumhdach. Is ionann é agus na ceanglais maidir le leachtacht nach mór d'eisitheoirí bannaí

[1] Treoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le heisiúint bannaí faoi chumhdach agus maoirseacht phoiblí ar bhannaí faoi chumhdach agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE agus 2014/59/AE (IO L 328, 18.12.2019, lgh. 29-57).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lgh. 1-337).

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le ceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh Institiúidí Creidmheasa (IO L 11, 17.1.2015, lgh. 1-36).

faoi chumhdach iad a chomhlíonadh, áfach, mar ní mór dhá mhaolán leachtachta ar leith atá comhdhéanta de shócmhainní leachtacha comhchosúla a choinneáil ar bun an tráth céanna. Tá forluí idir an dá cheanglas maidir le leachtacht le linn na chéad 30 lá go háirithe.

Chun a áirithiú gur féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an bhforluí sin, tá rogha do na Ballstáit sa Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach an ceanglas sonrach maidir le maolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh a tharscaoileadh don tréimhse ama nuair atá an institiúid creidmheasa a eisíonn bannaí faoi chumhdach ag comhlíonadh ceanglais eile maidir le leachtacht faoi dhlí an Aontais. Thairis sin, leis an bhforáil sin den Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach, cuirtear deis ar fáil idirghníomhaíocht níos fearr a dhéanamh idir na ceanglais maidir le leachtacht comhthiomsaithe cumhdaigh agus na ceanglais maidir le leachtacht faoi rialacha an cheanglais maidir le cumhdach leachtachta.

Ní bheadh feidhmiú an tarscaoilte thuasluaite chun áireamh dúbailte a sheachaint fónta ó thaobh na stuamachta de, áfach, mar tar éis scaradh eastáit na hinstitiúide creidmheasa i gcásanna struis, laghdódh sé na sócmhainní leachtacha sa chomhthiomsú cumhdaigh a bhí beartaithe chun freagairt dá hoibleagáidí íocaíochta féin. Is éard is cúis leis sin ná gur sócmhainní neamhualaithe iad na sócmhainní leachtacha a chomhlíonann an ceanglas ginearálta maidir le cumhdach leachtachta, faoi mar a thuigfí, rud a fhágann go bhfuil siad ar fáil gan bhac don institiúid creidmheasa. Sócmhainní leachtacha arna sealbhú go comhsheasmhach leis an gceanglas maidir le maolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh sa Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach, is sócmhainní ualaithe iad de bharr na gceanglas leithscartha sócmhainní sa Treoir sin, rud a fhágann go bhfuil siad thar acmhainn creidiúnaithe i ndliteanais na hinstitiúide creidmheasa cé is moite de bhannaí faoi chumhdach.

An bealach ab indéanta chun an forluí a bhaint, agus an fhóntacht ó thaobh stuamachta de a choinneáil ar bun i rith an ama, ná ligean do na hinstitiúidí creidmheasa caitheamh le sócmhainní leachtacha arna sealbhú mar chuid den mhaolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh mar shócmhainní neamhualaithe suas le méid na nglan-eis-sreafaí leachtachta ón gclár bannaí faoi chumhdach lena mbaineann. Is é sin an chéad leasú agus an leasú is tábhachtaí a moladh (an mhír 2a nua in Airteagal 7 den Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta). Ar an mbealach sin, réiteofaí saincheist an áirimh dhúbailte mar d'fhéadfaí sócmhainní leachtacha sa chomhthiomsú cumhdaigh a chomhlíonann na critéir cháilíochtúla uile a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta (lena n-áirítear an tástáil chun luach airgid a chur ar rud faoi Airteagal 8(4) den Rialachán Tarmligthe; d'fhágfadh athrú atá beartaithe go mbeadh institiúidí creidmheasa in ann an tástáil chun luach airgid a chur ar rud a dhéanamh le sócmhainní arna sealbhú lasmuigh den mhaolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh, ar choinníoll gur léiriú leormhaith na sócmhainní sin ar na sócmhainní arna sealbhú sa mhaolán sin) d'fhéadfaí iad a áireamh sa mhaolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh agus i maolán leachtachta LCR araon.

Chun críocha mhaolán leachtachta LCR, bheadh teorainn, mar sin féin, leis an aitheantas suas le méid na sócmhainní leachtacha sa chomhthiomsú cumhdaigh a bheadh de dhíth chun na glan-eis-sreafaí leachtachta a chumhdach, na glan-eis-sreafaí leachtachta sin a eascraíonn as an gclár bannaí faoi chumhdach a bhaineann leis an gcomhthiomsú cumhdaigh sin. Leis an teorannú sin, d'áiritheofaí nach gcuirfí feabhas saorga ar chóimheas LCR eisitheoirí bannaí faoi chumhdach le haitheantas míchuí sócmhainní leachtacha arna sealbhú sa chomhthiomsú cumhdaigh, agus sheachnófaí go háirithe roinnt sócmhainní leachtacha arna sealbhú sa chomhthiomsú cumhdaigh a bheith curtha san áireamh agus an cóimheas LCR á ríomh, d'ainneoin gur sócmhainní leithscartha iad agus dá bhrí sin nach bhfuil siad ar fáil chun eis-sreafaí a chumhdach seachas eis-sreafaí a eascraíonn as an gcomhthiomsú cumhdaigh.

Bheadh gá le leasú breise freisin chun comhlíontacht roinnt samhlacha náisiúnta eisiúna bannaí faoi chumhdach, ar samhlacha iad atá fónta ó thaobh na stuamachta de, a thabhairt i gcomhréir arís le ceanglais LCR. D'ainneoin a bheith comhlíontach ó thaobh a bpríomhghnéithe de le ceanglais na Treorach maidir le Bannaí faoi Chumhdach (e.g. rialacha chun infheisteoir bannaí faoi chumhdach a chosaint), bheadh sé de mhíbhuntáiste ag na samhlacha náisiúnta eisiúna bannaí faoi chumhdach sin LCR faoi bhun 100 % ó thaobh struchtúir de a bheith acu, LCR nach mbeadh nasctha le fírinne a riosca leachtachta. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, dhéanfaí athchruthú le leasú breise, ar bhealach níos coimeádaí ó thaobh na stuamachta de, ar fhorálacha atá ann cheana de Rialachán (AE) 575/2013 a bhaineann leis an gCóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí (NSFR) a ríomh, rud a fhágann gur féidir a bhreithniú mar shócmhainní neamhualaithe sócmhainní atá ceangailte mar rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhéigeantach le heisiúint bannaí faoi chumhdach. Leis an leasú atá beartaithe, cheadófaí sa Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta an láimhseáil stuamachta chéanna le haghaidh na sócmhainní sin atá ceangailte mar rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhéigeantach, ar choinníoll go gcomhlíonann an institiúid a eisíonn bannaí faoi chumhdach coinníollacha áirithe cáilíochtúla agus cainníochtúla (nach bhforchuirtear i gcás an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí). Dá réir sin, ní chuirfí i gcontúirt, leis an leasú atá beartaithe, an chosaint dlí a thugtar d'infheisteoirí bannaí faoi chumhdach, go háirithe leis an Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach, ná ní dhéanfaí lagú ar phróifíl stuamachta riosca leachtachta an eisitheora bannaí faoi chumhdach.

Thairis sin, tá sé d'aidhm, freisin, ag an leasú atá beartaithe ar an Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta soiléiriú a dhéanamh ar chuid de na forálacha atá i bhfeidhm faoi láthair den Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta.

Ar an gcéad dul síos, chuirfeadh sé tagairtí do 'idirbhearta maoinithe urrús', ar téarma é a shainmhínítear i bpointe (139) d'Airteagal 4(1) den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, in ionad tagairtí do 'idirbhearta iasachta urraithe' in Airteagal 28(3) agus in Airteagal 32(3)(b) agus (4) den Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta. Dhéanfadh sé sin an téacs a ailíniú níos fearr leis an gcaighdeán LCR a chomhaontaigh Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht ar leibhéal idirnáisiúnta.

Ar an dara dul síos, chuirfeadh sé isteach tagairt do ghníomhaireachtaí oifigiúla um chreidmheas onnmhairiúcháin (ECAnna) i bpointe (g) d'Airteagal 7(4) den Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta chun cóir chomhionann urrús arna n-eisiúint ag gníomhaireachtaí um chreidmheas onnmhairiúcháin agus arna ráthú ag rialtas láir Ballstáit a áirithiú, gan beann ar struchtúr eagrúcháin na gníomhaireachta um chreidmheas onnmhairiúcháin lena mbaineann. Tá an leasú seo i gcomhréir leis na moltaí a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) ina thuarascáil an 20 Nollaig 2013[4], a ullmhaíodh de bhun Airteagal 509(3) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Thairis sin, tá cúpla athrú breise ar an Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta beartaithe chun é a ailíniú le hAirteagal 129 den Rialachán maidir

[4] Tuarascáil ÚBE an 20 Nollaig 2013 maidir le sainmhínithe aonfhoirmeacha iomchuí ar shócmhainní leachtacha fíor-ardchaighdeáin agus ar shócmhainní leachtacha ardchaighdeáin agus maidir le ceanglais oibriúcháin le haghaidh sócmhainní leachtacha faoi Airteagal 509(3) agus (5) den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil.

le Ceanglais Chaipitil, arna leasú le Rialachán (AE) 2019/2160[5] (leis an dara rialachán sin, leasaítear an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil a mhéid a bhaineann le láimhseáil caipitil rialála ar neamhchosaintí i bhfoirm bannaí faoi chumhdach agus mar sin is cuid den chreat reachtach bannaí faoi chumhdach é, mar aon leis an Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach) agus leis an Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach. Cuid de na critéir a leagtar amach in Airteagail 10, 11 agus 12 den Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta (na critéir maidir le láimhseáil bannaí faoi chumhdach a chur i dtoll a chéile mar shócmhainní Leibhéal 1, sócmhainní Leibhéal 2A agus sócmhainní Leibhéal 2B faoi seach), tagraíonn siad (do chodanna) d'Airteagal 129 den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, go háirithe. Mar shampla, roimh ghlacadh na Treorach maidir le Bannaí faoi Chumhdach, sainmhíníodh an téarma 'banna faoi chumhdach' trí thagairt d'Airteagal 129 den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil. Tar éis ghlacadh agus theacht i bhfeidhm na Treorach maidir le Bannaí faoi Chumhdach, dhealródh sé go mbeadh an tagairt sin as dáta, mar beidh ar na bannaí faoi chumhdach uile a eisítear san Aontas Eorpach ceanglais na Treorach maidir le Bannaí faoi Chumhdach a chomhlíonadh. Ar an gcaoi chéanna, tá an ceanglas trédhearcachta, atá fíor-riachtanach le haghaidh na heisiúna agus le haghaidh idirbhearta le bannaí faoi chumhdach, in Airteagal 129(7) den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil faoi láthair. Le tabhairt isteach na Treorach maidir le Bannaí faoi Chumhdach, áfach, tugtar aghaidh ar an ábhar go sonrach agus forbraítear go ginearálta é in Airteagal 14 di.

Cuirtear athruithe ar Airteagail 10, 11 agus 12 den Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta chun tosaigh leis an togra, mar sin, a d'áiritheodh an t-ailíniú thuasluaite. Dréachtaítear na téacsanna dlí mar sin chun a áirithiú nach ndéanfaí difear don incháilitheacht do láimhseáil fhabhrach leachtachta bannaí faoi chumhdach a eisíodh roimh an 8 Iúil 2022 a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 52(4) de Threoir 2009/65/CE[6].

1.2. Measúnú Tionchair

Meastar go bhfuil na hathruithe atá beartaithe teoranta i dtéarmaí tionchair, mar sin níl sé beartaithe measúnú tionchair mionsonraithe a dhéanamh. Tá raon feidhme cúng ag an bpríomh-mhodhnú, a bhfuil baint aige leis an idirghníomhaíocht idir na ceanglais maidir le leachtacht sa Treoir maidir le Bannaí faoi Chumhdach agus sa Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta, i.e. tá sé teoranta d'eisitheoirí bannaí faoi chumhdach. Is éard a bheadh sa leasú seo, ceartú ar chreat a mheastar a bheith míchuí le haghaidh gníomhaíochtaí eisiúna bannaí faoi chumhdach.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Sainghrúpa maidir le Baincéireacht, Íocaíochtaí agus Árachas, a bhfuil saineolaithe na mBallstát, chomh maith le hionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa, ón Údarás Baincéireachta Eorpach agus ón mBanc Ceannais Eorpach páirteach ann.

---

5 Rialachán (AE) 2019/2160 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le risíochtaí [*i.e. neamhchosaintí*] i bhfoirm bannaí faoi chumhdach (IO L 328, 18.12.2019, lgh. 1-6).

6 Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302, 17.11.2009, lgh. 32-96).

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I bhfianaise an líon teoranta athruithe ar an Rialachán Tarmligthe i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta atá ann cheana, tá sé beartaithe leasuithe ar an Rialachán sin a ghlacadh, seachas téacs iomlán nua. Leis sin, choinneofaí struchtúr an Rialacháin Tharmligthe bhunaidh i dtaca leis an gCeanglas maidir le Cumhdach Leachtachta. I gcomhréir le hAirteagal 462 den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, leanann an Coimisiún den chumhacht a bheith aige athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán Tarmligthe go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.2.2022**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an gceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh institiúidí creidmheasa**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[1], agus go háirithe Airteagal 460 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún[2] a leasú chun cur ar a gcumas níos fearr do na hinstitiúidí creidmheasa a eisíonn bannaí faoi chumhdach na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh: de pháirt amháin, an ceanglas ginearálta maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh tréimhse struis 30 lá féilire, a leagtar síos in Airteagal 4(1) den Rialachán Tarmligthe sin, agus den pháirt eile, an ceanglas maidir le maolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh sócmhainní leachtacha a shealbhú chun glan-eis-sreafaí leachtachta a chumhdach thar na 180 lá dár gcionn, a leagtar síos in Airteagal 16 de Threoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Chun cuid de na rialacha atá ann cheana a shoiléiriú agus chun téacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 a ailíniú leis na sainmhínithe a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i dTreoir (AE) 2019/2162, ba léir go raibh gá le roinnt athruithe breise.

(2) Is é an toradh atá ar an gceanglas ginearálta maidir le cumhdach leachtachta a leagtar síos in Airteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 agus ar an gceanglas maidir le maolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh a leagtar síos in Airteagal 16 de Threoir (AE) 2019/2162, ná oibleagáid ar institiúidí creidmheasa a eisíonn bannaí faoi chumhdach méid áirithe sócmhainní leachtacha a shealbhú ar feadh na tréimhse céanna 30 lá féilire. Níor cheart oibleagáid a bheith ar na hinstitiúidí creidmheasa na heis-sreafaí céanna a chumhdach le sócmhainní difriúla leachtacha ar

[1] IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le ceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh Institiúidí Creidmheasa (IO L 11, 17.1.2015, lgh. 1).

[3] Treoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le heisiúint bannaí faoi chumhdach agus maoirseacht phoiblí ar bhannaí faoi chumhdach agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE agus 2014/59/AE (IO L 328, 18.12.2019, lch. 29).

feadh na tréimhse céanna, áfach. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhforluí sin, ba cheart leasú nua ar an gcritéar ualaithe faoin gceanglas ginearálta maidir le cumhdach leachtachta a thabhairt isteach. Leis an leasú sin, chomh maith leis na forálacha atá i bhfeidhm cheana in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 agus atá infheidhme fós i gcás sócmhainní leithscartha comhthiomsaithe cumhdaigh, thabharfaí aghaidh ar chásanna ina bhfuil sócmhainní leithscartha ag comhlíonadh na gcritéar chun go n-aithneofaí mar shócmhainní neamhualaithe iad ar bhealach atá fónta ó thaobh na stuamachta de. Leis an leasú nua sin, chaithfí le sócmhainní leachtacha arna sealbhú mar chuid den mhaolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh mar shócmhainní neamhualaithe suas le méid na nglan-eis-sreafaí leachtachta a eascraíonn as an gclár bannaí faoi chumhdach lena mbaineann.

(3) Thairis sin, tá samhlacha sonracha eisiúna bannaí faoi chumhdach i bhfeidhm i roinnt Ballstát, a bhfuil mar shaintréith acu ceanglais shonracha dlí a fhorchuirtear ar eisitheoirí bannaí faoi chumhdach chun infheisteoirí a chosaint agus a théann níos faide ná na ceanglais sin a liostaítear i dTreoir (AE) 2019/2162. Na heisitheoirí bannaí faoi chumhdach sin atá faoi réir na gceanglas sonrach dlí sin, déanann siad gníomhaíochtaí eisiúna bannaí faoi chumhdach comhchosúla le heisitheoirí bannaí faoi chumhdach eile san Aontas Eorpach, agus mar sin tá próifíl riosca leachtachta chomhchosúil acu. Cuireann siad ardleibhéal cosanta ar fáil d'eisitheoirí bannaí faoi chumhdach freisin, go háirithe trí dhul ar iontaoibh rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhéigeantach le haghaidh eisiúna a gclár bannaí faoi chumhdach. Bheadh sócmhainní uile na n-eisitheoirí bannaí faoi chumhdach sin ceangailte le comhthiomsuithe cumhdaigh, áfach, agus measfaí gur shócmhainní ualaithe iad, mar sin, rud a d'fhágfadh nach mbeidís ar fáil agus nach mbeidís incháilithe chun críoch an mhaoláin leachtachta cóimheasa cumhdaigh ar leachtacht (LCR). Sa chás sin, bheadh na heisitheoirí bannaí faoi chumhdach sin ag sárú a gceanglas LCR a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, rud a d'fhágfadh nach mbeadh cothrom na Féinne idir eisitheoirí, d'ainneoin na comhchosúlachta idir a bpróifíl stuamachta. Chun na ceanglais maidir le rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh éigeantach agus neamhéigeantach a chomhlíonadh chun críoch clár bannaí faoi chumhdach a eisiúint, tá na heisitheoirí bannaí faoi chumhdach sin srianta go hoibríochtúil fofhiach a eisiúint. Tá glan-eis-sreabhadh leachtachta ginearálta na n-eisitheoirí sin níos airde ná an glan-eis-sreabhadh leachtachta a eascraíonn as na bannaí faoi chumhdach sin a eisíodh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart leasuithe breise a thabhairt isteach chun go bhféadfaí, i roinnt cásanna sonracha agus teoranta, na sócmhainní arna sealbhú sa chomhthiomsú cumhdaigh a aithint mar shócmhainní neamhualaithe chun na ceanglais maidir le rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhéigeantach a chomhlíonadh. Chun a áirithiú gur leathnú fónta ó thaobh na stuamachta de agus comhsheasmhach le ceanglais LCR é an leathnú sin ar aitheantas sócmhainní arna sealbhú i gcomhthiomsú cumhdaigh mar shócmhainní neamhualaithe, ba cheart d'eisitheoirí bannaí faoi chumhdach roinnt coinníollacha a chomhlíonadh. Go háirithe, ní féidir ach le heisitheoirí bannaí faoi chumhdach a bhfuil oibleagáid orthu de bhua ceanglas dlí de dhlí náisiúnta a sócmhainní uile a cheangal le heisiúintí bannaí faoi chumhdach tairbhiú den fhoráil sin, suas le méid na sócmhainní is gá chun glan-eis-sreabhadh leachtachta iomlán an eisitheora bannaí faoi chumhdach a chomhlíonadh.

(4) Thairis sin, is gá rialacha maidir le luach airgid a chur ar rud a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar shócmhainní leachtacha arna sealbhú i maolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh.

(5) Agus na moltaí a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) ina thuarascáil an 20 Nollaig 2013[4], a ullmhaíodh de bhun Airteagal 509(3) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, á gcur san áireamh, ba cheart stádas leibhéal 1 a thabhairt do bhannaí de gach cineál arna n-eisiúint nó arna ráthú ag rialtas láir agus bainc cheannais Ballstáit, agus do na bannaí sin arna n-eisiúint nó arna ráthú ag bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Tá anailís eimpíreach agus cháilíochtúil maidir le leachtacht ard nó leachtacht fhíorard agus cáilíocht chreidmheasa na mbannaí sin déanta i dtuarascáil ÚBE agus is é tátal na tuarascála go gcomhlíonann na bannaí sin caighdeáin Basel i dtéarmaí ardleachtachta agus cáilíochta creidmheasa. Dá bhrí sin, ba cheart bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag gníomhaireachtaí oifigiúla um chreidmheas onnmhairiúcháin a cháiliú mar 'shócmhainní leachtacha' agus stádas leibhéal 1 a thabhairt dóibh dá réir sin, gan beann ar struchtúr eagrúcháin na ngníomhaireachtaí sin.

(6) Le Rialachán 2019/2160 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], leasaíodh cuid de na coinníollacha i gcomhair láimhseáil fhabhrach neamhchosaintí i bhfoirm bannaí faoi chumhdach a leagtar síos in Airteagal 129 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ba cheart, dá bhrí sin, tagairtí don Airteagal sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 a leasú dá réir sin.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 a leasú dá réir sin.

(8) Ba cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcomhar le forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2019/2162 agus le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna leasú le Rialachán 2019/2160. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an chreata nua a áirithiú, ar creat é lena mbunaítear na gnéithe struchtúrtha le haghaidh bannaí faoi chumhdach a eisiúint agus na ceanglais leasaithe i gcomhair láimhseáil fhabhrach, ba cheart gurb ionann dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus an dáta óna gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2019/2162, agus dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2160,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear isteach na pointí (13) go (16) seo a leanas:

"(13) ciallaíonn 'idirbheart caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh' idirbheart caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 192, pointe (3), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(14) ciallaíonn 'clár bannaí faoi chumhdach' clár bannaí faoi chumhdach de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2), de Threoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

4 Tuarascáil ÚBE an 20 Nollaig 2013 maidir le sainmhínithe aonfhoirmeacha iomchuí ar shócmhainní leachtacha fíor-ardchaighdeáin agus ar shócmhainní leachtacha ardchaighdeáin agus maidir le ceanglais oibriúcháin le haghaidh sócmhainní leachtacha faoi Airteagal 509 (3) agus (5) den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil.

5 Rialachán (AE) 2019/2160 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le neamhchosaintí i bhfoirm bannaí faoi chumhdach (IO L 328, 18.12.2019, lch. 1).

(15) ciallaíonn 'comhthiomsú cumhdaigh' comhthiomsú cumhdaigh de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Threoir (AE) 2019/2162;

(16) ciallaíonn 'maolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh' an maolán leachtachta atá comhdhéanta de shócmhainní a mheastar gur sócmhainní leachtacha iad agus a shealbhaítear mar chuid den chomhthiomsú cumhdaigh i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir (AE) 2019/2162.

---

*Treoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le heisiúint bannaí faoi chumhdach agus maoirseacht phoiblí ar bhannaí faoi chumhdach agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE agus 2014/59/AE (IO L 328, 18.12.2019, lch. 29)."

(2) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach na míreanna 2a agus 2b seo a leanas:

'2a. De mhaolú ar mhír 2, sócmhainní leachtacha arna sealbhú mar chuid den mhaolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh, measfar gur sócmhainní neamhualaithe iad le linn na tréimhse struis 30 lá féilire, a leagtar síos in Airteagal 4, suas le méid na nglan-eis-sreafaí leachtachta arna ríomh faoi Theideal III den Rialachán seo, a eascraíonn as na cláir bannaí faoi chumhdach lena mbaineann, ar choinníoll go gcomhlíonann na sócmhainní sin na ceanglais eile uile a leagtar síos i dTeideal II den Rialachán seo.

2b. I gcás nach meastar sócmhainní leachtacha arna sealbhú sa mhaolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh a bheith neamhualaithe de bhun mhír 2a den Airteagal seo, mar sin féin, measfar iad a bheith neamhualaithe le linn na tréimhse struis 30 lá féilire, a leagtar síos in Airteagal 4, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) de réir fhorálacha an dlí náisiúnta, ceanglaítear ar an eisitheoir bannaí faoi chumhdach a shócmhainní a bheith ceangailte le heisiúintí bannaí faoi chumhdach;

(b) tá na sócmhainní leachtacha ceangailte mar rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhéigeantach le heisiúint bannaí faoi chumhdach;

(c) comhlíonann na sócmhainní leachtacha na ceanglais eile uile a leagtar síos i dTeideal II den Rialachán seo;

(d) ní théann an méid sócmhainní leachtacha a mheastar a bheith neamhualaithe faoin mír seo thar mhéid iomlán na nglan-eis-sreafaí leachtachta, arna ríomh faoi Theideal III den Rialachán seo.';

(b) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

'(g) aon eintiteas eile a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE mar a phríomhghnó.';

(ii) cuirtear isteach an dara fomhír seo a leanas:

'Chun críocha an Airteagail seo, ní mheasfar eintitis shainchuspóireacha urrúsúcháin (SSPEnna) agus gníomhaireachtaí oifigiúla um chreidmheas onnmhairiúcháin i mBallstáit a bheith san áireamh sna heintitis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (g).';

(3) in Airteagal 8(4), cuirtear isteach an tríú fomhír seo a leanas:

'I gcás sócmhainní leachtacha arna sealbhú i maolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh, measfar an ceanglas a leagtar síos sa chéad fhomhír a bheith comhlíonta, i gcás ina gcuireann an institiúid creidmheasa luach ar shócmhainní leachtacha go tráthrialta, agus ar a laghad uair amháin sa bhliain, ar sócmhainní leachtacha iad atá ina sampla atá ionadaíoch a dhóthain de shealúchais sócmhainní na hinstitiúide sa mhaolán leachtachta comhthiomsaithe cumhdaigh, gan gá a bheith ann a bheith mar chuid den mhaolán sin.';

(4) in Airteagal 10(1), leasaítear pointe (f) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (i) agus (ii):

'(i) is bannaí faoi chumhdach iad dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe 1, de Threoir (AE) 2019/2162 nó eisítear iad roimh an 8 Iúil 2022 agus comhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 52(4) de Threoir 2009/65/CE, mar is infheidhme ar dháta a n-eisiúna, rud a fhágann go bhfuil siad incháilithe don láimhseáil fhabhrach mar bhannaí faoi chumhdach go dtí a n- aibíocht;

(ii) na neamhchosaintí ar institiúidí sa chomhthiomsú cumhdaigh, comhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 129(1), pointe (c), agus in Airteagal 129(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;';

(b) scriostar pointe (iii);

(5) in Airteagal 11, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) leasaítear pointe (c) mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (i) agus (ii):

'(i) is bannaí faoi chumhdach iad dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe 1, de Threoir (AE) 2019/2162 nó eisítear iad roimh an 8 Iúil 2022 agus comhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 52(4) de Threoir 2009/65/CE, mar is infheidhme ar dháta a n-eisiúna, rud a fhágann go bhfuil siad incháilithe don láimhseáil fhabhrach mar bhannaí faoi chumhdach go dtí a n- aibíocht;

(ii) na neamhchosaintí ar institiúidí sa chomhthiomsú cumhdaigh, comhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 129(1), pointe (c), agus in Airteagal 129(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;';

(ii) scriostar pointe (iii);

(b) i bpointe (d), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (iii), (iv) agus (v):

'(iii) tá tacaíocht ag na bannaí faoi chumhdach ó chomhthiomsú sócmhainní de chineál amháin nó níos mó de na cineálacha sin a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 129(1), pointí (b), (d), (f) agus (g), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. I gcás ina bhfuil iasachtaí a urraítear le maoin dhochorraithe sa chomhthiomsú, ní mór na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6(2), Airteagal 6(3), pointe (a), agus Airteagal 6(5) de Threoir (AE) 2019/2162 a chomhlíonadh;

(iv) na neamhchosaintí ar institiúidí sa chomhthiomsú cumhdaigh, comhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 129(1), pointe (c), agus in Airteagal 129(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(v) comhlíonann an institiúid creidmheasa a dhéanann infheistíocht sna bannaí faoi chumhdach agus an t-eisitheoir an ceanglas trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2019/2162;';

(6) in Airteagal 12(1), leasaítear pointe (e) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) is bannaí faoi chumhdach iad dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2019/2162 nó eisítear iad roimh an 8 Iúil 2022 agus comhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 52(4) de Threoir 2009/65/CE, mar is infheidhme ar dháta a n-eisiúna, rud a fhágann go bhfuil siad incháilithe don láimhseáil fhabhrach mar bhannaí faoi chumhdach go dtí a n- aibíocht;';

(b) scriostar pointí (ii) agus (iii);

(7) in Airteagal 28, leasaítear mír 3 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Dliteanais a thiocfaidh in aibíocht laistigh de 30 lá féilire agus a eascraíonn as idirbhearta maoinithe urrús nó as idirbhearta caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh, déanfaidh institiúidí creidmheasa iad a iolrú faoi:';

(b) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás inar banc ceannais intíre na hinstitiúide creidmheasa é an contrapháirtí sna hidirbhearta maoinithe urrús nó san idirbheart caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh, 0 % a bheidh sa ráta eis-sreafa.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás idirbhearta maoinithe urrús agus idirbhearta caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh lena ngabhfadh ráta eis-sreafa níos airde ná 25 % faoin bhfomhír sin, 25 % a bheidh sa ráta eis-sreafa i gcás inar contrapháirtí incháilithe é an contrapháirtí san idirbheart.';

(8) Leasaítear Airteagal 32 mar a leanas:

(a) i mír 3, pointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'(b) airgead atá dlite ó idirbhearta maoinithe urrús agus ó idirbhearta caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh lena mbaineann aibíocht iarmhair nach mó ná 30 lá féilire, déanfar é a iolrú faoi:';

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Ní bheidh feidhm ag mír 3, pointe (a), maidir le hairgead atá dlite ó idirbhearta maoinithe urrús agus ó idirbhearta caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh arna gcomhthaobhú le sócmhainní leachtacha i gcomhréir le Teideal II dá dtagraítear i mír 3, pointe (b).'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 8 Iúil 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.2.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*